Ní buidheach mé do Mhág Craith

[Mac Niocaill, Gearóid: Duanaire Ghearóid Iarla (*Studia Hibernica*, 3, 1963, 7ff.), poem 24]

1 Ní buidheach mé do Mhág Craith
gion gur aor sé go maith mhé;
an rann beag do rinne dham,
ní do mholadh is gar é.

2 Dá dteagmhadh tocht ar a fheirg
agus beith dá cheird go deo,
snoidheadóireacht nach maith uaidh
casnaidhe do bhuain den bheo.

3 Dá mbeath dealg fá thuinn im’ throigh,
giodh tréan é ar gach scoil i mbí,
do bhuain chasnaidhe dom chais
do Mhág Craith ní thiobhrainn í. Ní.

4 Ní bádhach do rinne Ó Cuill;
caraid do thuill Ráith Í
acht más fíor gurub é sein
léigeas leis gach ní do-ní. N. b.